Dublin by Night Fest drawing record numbers to city centre

The capital's biggest free night out of the year saw a record 90,000 descended for the fourth annual, family friendly, free Dublin by Night Fest on Saturday.

A festival atmosphere swept across the City centre as the best of Dublin after dark was showcased.

Events on Dame St, Parliament St, College Green and Capel St transformed the City centre into a vibrant playground of music, culture, food and fashion.

On the back of another record-breaking event, organising partners, Dublin Town, Dublin City Council and Fáilte Ireland have committed to Dublin by Night Fest for 2027 and also to examining the possibility of hosting similar City centre evening events.

Dublin by Night Fest marked the start of Fáilte Ireland's Winter in Dublin 2026/27 programme.

The capital's world-famous hospitality and cultural scene was celebrated as Dublin by Night Fest 26 marked a significant milestone as a celebration of the capital once again retaining its Purple Flag status.

A Purple Flag is an international award for cities providing a safe, welcoming and vibrant evening and night-time economy.

"It takes the support of a city to put on a show like this, so we could not be more thankful to everyone who attended, and for the support of our partners in Dublin City Council and Fáilte Ireland," said Dublin Town CEO, Clyde Carroll.

"It was a proud night for Dublin, and already we cannot wait for next year.

"Events like Dublin By Night Fest play a vital role in creating a vibrant and welcoming city centre, while supporting the businesses at the heart of its economy."

"But it is more than just a celebration of the city centre's nightlife, it is proof that Dublin is unrivalled when it comes to entertainment, food, shopping, lifestyle experiences and so much more.

"Dublin by Night Fest is about showcasing the very best of our city, creating memorable experiences for residents and visitors alike, and reinforcing the city centre as a dynamic destination for people to live, work, enjoy and experience."



Street performer Talita Lima with Freya Ryan and Juno Neylon from Castleknock, on Dame Street
Pic: Conor McCabe

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

FÓGRA DE BHUN ALT 51(3)(A) D'ACHT NA MBÓITHRE, 1993 (ARNA LEASÚ), I NDÁIL LE HIARRATAS AR FHORBAIRT BHÓTHAIR BHEARTAITHE A CHEADÚ AGUS LE RÁITEAS TIONCHAIR TIMPEALLACHTA A THÍOLACADH

COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL

GLASBHEALACH UIRBEACH NA CANÁLACH RÍOGA

Rinne Comhairle Contae Fhine Gall ("an tÚdarás Bóithre") iarratas faoi alt 51(2) d'Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú), chuig an gCoimisiún Pleanála ("an Coimisiún") ar cheadú i ndáil le forbairt bhóthair bheartaithe arb é a bheidh inti glasbhealach comhroinnte coisithe agus rothar thart ar 8.1 km a thógáil feadh chosán tarraingthe na Canálach Ríoga agus in aice leis, ag síneadh ó theorainn Chomhairle Contae Chill Dara san iarthar go Droichead an Talbóidigh (Seanbhóthar na hUaimhe) san oirthear, áit a nascfar é le Glasbhealach Bhaile an Ásaigh atá críochnaithe. Tógfar an fhorbairt bheartaithe i mbailte fearainn Pháirc San Caitríona, Coldblow, Bhaile an Bhaspailigh, Chnoc an Scioból, Bhaile an Bhearbóraigh, Chluain Saileach, Bhaile Uí Cheallaigh, Bhaile an Phóirtéaraigh, Bhaile an Diosualaigh, Mhóinteán na gCaorach, Bhaile an Chairpintéaraigh, agus Bhaile Bhlainséir, mar atá léirithe sa léarscáil thíos.

Áireofar na hoibreacha seo a leanas leis an bhForbairt Bheartaithe:

- An bealach glasbhealaigh a thógáil, lena n-áireofar na cosáin agus na dromchlaí seo a leanas:
  - Cuid 1 – dromchla neamhcheangailte (2 m go 3 m ar leithead) ó Theorainn Chontae Chill Dara go Droichead Iarnróid Pháirc Hans (Sl. 0 m go 3200 m).
  - Cuid 2 – dromchla biotúmanach (3 m go 4 m ar leithead) feadh fhormhór na coda, cé is moite de chlárchosán starrmhaidí coincréite réamhtheilgthe idir thart ar Sl. 4140 m agus 4540 m.
  - Cuid 3 – dromchla biotúmanach (4 m ar leithead) feadh fhormhór na coda, dromchlaí coincréite in-situ, agus codanna de chlárchosán ardaithe mar gheall ar an topagrafaíocht áitiúil.
- Claífoirt agus déanmhais choinneála ag láithreacha éagsúla chun dálaí talún a chobhsú.
- trí thrasrian shoilsithe thúcánacha (4 m ar leithead) agus trasrian síogach amháin ag comhéadain bhóthair feadh an bhealaigh.
- Soilsiú a shuiteáil idir Droichead Iarnróid Pháirc Hans agus an 12ú Loc (thart ar Sl. 3200 m go Sl. 8100 m).
- Coigeartuithe ar leibhéal na talún feadh an chomhéadain le Páirc Delwood, lena n-áireofar leibhéil cosán a ísliú agus fál pailise adhmaid 2 m ar airde a thógáil ar a bhfuil mogall frithdhreaptha (Sl. 6200 m go 6800 m).
- Droichead an Chairéil a thógáil, rud a bheidh ina dhroichead aonréise bíomaí cruaiche comhchodaí agus deice coincréite 30 m a shínfidh thar chairéal stairiúil ar bhruach thuaidh na Canálach Ríoga (Sl. +6500 m), agus na codanna gaolmhara clárchosáin a thógáil.
- Plandú príobháideachta agus ráillí feadh limistéar Fhaiche Brompton chun na fálta teorann láithreacha a fhorlíonadh.
- Droichead an tSainchomhartha Tíre a thógáil, rud a bheidh ina dhroichead cruaiche a bheidh thart ar 235 m ar fad agus a mbeidh réise aonair uasta 30 m aige, a thrasnóidh an Chanáil Ríoga (Sl. 7115 m go 7350 m), agus na codanna gaolmhara rampaí a thógáil.
- Íosbhealach a thochailt agus a thógáil faoi Bhóthar Chaisleán Cnucha ar an taobh theas de Dhroichead Ghránaird (Sl. +7770 m).
- Páirc Phóca a fhorbairt ag Páirc Hans, rud ina mbeidh móinéar bláthanna fiáine, fálta sceacha dúchasacha, sleamhnán claífoirt, limistéar súgartha neamhfhoirmiúil, binsí, agus tírdhreachú gaolmhar.
- Limistéir scíthe a sholáthar feadh an bhealaigh, lena n-áireofar láithreacha páirceála rothar, binsí, agus an tírdhreachú gaolmhar.
- Dhá réadmhaoin chónaithe láithreacha agus déanmhais choimhdeacha ghaolmhara i gcomharsanacht Bhóthar Pháirc Hans a bhaint chun cur i gcrích ailíniú an ghlasbhealaigh agus an bhonneagair ghaolmhair páirce póca a éascú.
- Oibreacha tírdhreachaithe agus athchóirithe, lena n-áireofar crainn, fálta sceach agus fásra roghnaithe a bhaint, i gcás gur gá, agus plandú athsholáthair a dhéanamh trí úsáid a bhaint as speicis dhúchasacha agus as speicis nádúraithe.
- Déanfar compúin shealadacha láithreáin, limistéir stórála, agus socruithe rochtana tógála a chur ar ais ina mbunriocht nuair a bheidh na hoibreacha críochnaithe.
- Na hoibreacha gaolmhara agus coimhdeacha go léir, lena n-áireofar tochailt agus oibreacha créfoirt, suiteáil, atreorú agus cosaint fóntas agus seirbhísí lena n-áireofar draenáil, fálta, teorainneacha, oibreacha bóthair lena n-áireofar comharthaíocht, soilsiú poiblí, marcanna bóthair, agus soilse trách ta.

Is lena húsáid go heisiach ag rothaithe cos agus ag coisithe atá an Fhorbairt Bheartaithe. Cuireadh Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta faoi bhráid an Choimisiúin de réir alt 50 (d'Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú)) i leith na forbartha bóthair beartaithe. Is Déanmhas Cosanta í an Chanáil Ríoga (RPS 944a, lena n-áirítear an 10ú Loc – 944b, an 11ú Loc – 944c, agus an 12ú Loc – 944d), mar aon le Droichead Uí Cheallacháin (RPS 706).

Beidh cóip den Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus de Phleananna agus Sonraí na Forbartha Beartaithe ar fáil lena hiniúchadh nó lena ceannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh idir 9am agus 1pm agus idir 2pm agus 4pm, ó Luan go hAoine (gan laethanta saoire poiblí a áireamh), ar feadh tréimhse nach lú ná sé seachtaine ag: An Rannóg Pleanála, Comhairle Contae Fhine Gall, Áras an Chontae, An Phríomhshráid, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath, K67 X8Y2, ag Deasc Fáiltithe Oifigí Cathartha Comhairle Contae Fhine Gall, Bóthar an Gharráin, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15, D15 W638, agus ag Deasc Fáiltithe an Choimisiúin Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902.

Beidh cóip den Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus de Phleananna agus Sonraí na Forbartha Beartaithe ar fáil lena hiniúchadh ar líne freisin le linn na tréimhse ama thuas ag www.pleanala.ie agus ag consult.fingal.ie/en/browse

I ndáil le hiarratas ar cheadú faoi alt 51 d'Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú), féadfaidh an Coimisiún Pleanála, le hordú, an fhorbairt bheartaithe a cheadú, fara nó d'éagmais modhnuithe, nó féadfaidh sé diúltú forbairt den sórt sin, nó aon chuid di, a cheadú.

Féadfar aighneachtaí agus tuairimí maidir leo seo a dhéanamh i scríbhinn chuig an gCoimisiún Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath, D01 V902, ón **Luain an 16 Samhain 2026 go dtí am scoir gnó Dé Luain an 11 Eanáir 2027: 1)** Impleachtaí na Forbartha Beartaithe do phleanáil chuí agus forbairt inchothaithe sa limistéar lena mbaineann; 2) Na héifeachtaí is dóigh a bheidh ag an bhForbairt Bheartaithe ar an gcomhshaol; agus 3) Na héifeachtaí suntasacha is dóigh a bheidh ag an bhForbairt Bheartaithe ar Láithreán Eorpach, má dhéantar í. Ní foláir táille €50 a bheith ag gabháil le haon aighneacht/tuairim.Níl feidhm ag an táille sin maidir le comhlachtaí forordaithe áirithe ná maidir le húinéirí maoine agus daoine eile a bhfuil leas dlíthiúil acu i dtalamh agus atá ag agóid i gcoinne fáil éigeantach talún a bhfuil leas den sórt sin acu ann i gcás fála éigeantaí. Is féidir aighneachtaí a bhfuil táille ag gabháil leo a dhéanamh tríd an bpost (chuig: An Coimisiún Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath, D01 V902), go pearsanta, agus trí thairseach aighneachta ar líne an Choimisiúin ag https://online.pleanala.ie/en-ie/sid/observation. Maidir le haighneachtaí nach bhfuil táille ag teastáil ina leith, mar atá leagtha amach thuas, is féidir iad a dhéanamh tríd an bpost, go pearsanta, agus trí ríomhphost chuig laps@pleanala.ie, agus ní foláir iad a bheith faighte ag an gCoimisiún Pleanála tráth nach déanaí ná **17:30 Dé Luain an 11 Eanáir 2027.**

Féadfaidh duine bailíocht aon chinnidh den sórt sin ón gCoimisiún Pleanála a cheistiú trí bhíthin iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach, faoi Ordú 84 de Rialacha na nUaschúirteanna (I.R. Uimh. 15 de 1986), de réir alt 50 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú. Féadfar faisnéis phraiticiúil faoin sásra athbhreithnithe a rochtain ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin ag www.pleanala.ie nó ar shuíomh Gréasáin an Bhoird um Fhaisnéis do Shaoránaigh ag www.citizensinformation.ie

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil feidhm ag an Acht um Shaoráil Faisnéise maidir leis na taifid uile atá ina seilbh ag Comhairle Contae Fhine Gall.

